# COMHAD FÍRICÍ:
# STAIR GCSE
## Aonad 2
### TEACHT CHUN CINN TEANNAS NUA, 1991–2003

Rewarding Learning

## Aois nua coimhlinte, an 'cogadh in éadan na sceimhlitheoireachta' agus an iarmhairt ar chaidrimh idirnáisiúnta

### Intreoir

Sna 1990idí chuir imeachtaí sa Mheánoirthear agus i lár na hÁise imní ar chuid mhór daoine i dtíortha san Iarthar. Chríochnaigh an cogadh idir na Sóivéaigh agus na hAfganastánaigh san Afganastáin in 1989, rud a d'fhág folús contúirteach polaitíúil ann. Bhog cuid mhór saorálaithe go dtí an Afganastáin ó áiteanna amhail an Phacastáin agus d'fhás an sceimhlitheoireacht ansin i rith na 1990idí. San idir linn, i ndiaidh dó cogadh a throid sna 1980idí i gcoinne na hIaráine, rinne Uachtarán na hIaráice Saddam Hussein, ionradh ar an Chuáit in 1990. Spreag sé seo Cogadh na Murascaille in 1990-1991, cogadh a chaill an Iaráic. Tar éis Cogadh na Murascaille bhí cuid mhór daoine buartha go raibh Saddam Hussein go fóill ag leanúint leis ag tógáil airm ollscriosta.

B'ionann na hionsaithe ar Ionad Trádála Domhanda i Nua-Eabhrac ar 11 Meán Fómhair 2001 agus cor cinniúnach i dtaca le teacht chun cinn den 'chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta' agus a iarmhairtí ar chaidrimh idirnáisiúnta. Ba é an fhreagairt a bhí ag tíortha san Iarthar amhail an RA agus na Stáit Aontaithe ar na himeachtaí seo ba chúis leis an rud ar a dtugtar 'an cogadh in éadan na sceimhlitheoireachta'.
Tá fréamhacha den 'chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta' in dhá phríomheachtra: an cogadh san Afganastáin, a thosaigh in 2001, agus an cogadh san Iaráic in 2003. Tá léargas ar na príomhfháthanna leis na cogaidh seo agus a n-iarmhairtí ar chaidrimh idirnáisiúnta curtha ar fáil sa chomhad fíricí seo.

### An Cogadh san Afganastáin agus a Iarmhairtí ar Chaidrimh Idirnáisiúnta

I ndiaidh dheireadh an Chogaidh idir na Sóivéadaigh agus na hAfganstánaigh in 1989, bhí folús cumhachta ann agus ba chosúil nach raibh aon duine ag rialú na hAfganastáine. Faoi dheireadh, ghlac an Talaban, le cuid mhór tacaíochta ón Phacastáin seilbh ar an tír le lámh láidir i lár na 1990idí. Chuir siad fáilte roimh iar-throdaí de chuid an Mujahideen, Osama bin Laden, a bhunaigh Al-Qaeda in 1988. Faoi thearmann an Talaban, bhain Al-Qaeda úsáid as an Afganastáin mar áit thraenála dá throdaithe agus áit le díonteagasc a thabhairt dóibh.

© SchulteProductions/iStock/ThinkstockPhotos




*Léarscáil den Mheánoirthear a thaispeánann, an Afganastáin, an Iaráic, Cuáit agus (cuid den) Rúis*

**Príomhthéarmaí**

**Mujahideen:** I mbunbhrí an fhocail, ciallaíonn sé daoine atá gníomhach i Jiohád nó i gcogadh naofa. Le linn na 1980idí san Afganastáin, ba mhinic gur laochra Moslamacha Afganastánacha a bhí iontu siúd, a bhí ag troid i gcoinne na bhfórsaí Sóivéadacha.

**Dlí Sharia:** Córas dlí atá bunaithe ar dhlíthe dochta faoi stíl mhaireachtála agus iompraíocht atá ag an chreideamh Ioslamach, agus a dtéann i bhfeidhm go háirithe ar mhná.

**Cailifeacht:** Foirm rialtais Ioslamach. Tagraíonn an téarma don ré idir 7ú go dtí 13ú haois nuair a bhí cumhacht ag Moslamaigh sa domhan.

## Príomhrannpháirtithe sa 'chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta'

Shíolraigh Osama bin Laden ó theaghlach saibhir san Araib Shádach. Chuaigh sé isteach sna fórsaí Mujahideen i gcoinne na bhfórsaí Sóivéadacha san Afganastáin. In 1988 bhunaigh sé Al-Qaeda, a bhí freagracht as ionsaithe 11 Meán Fómhair 2001 a phleanáil.



© ROPI / Alamy Stock Photo

B'Uachtarán ar an Iaráic ó 1979 go dtí 2003 é Saddam Hussein. Bhain sé cáil amach as an dóigh ar chaith sé go crua agus go brúidiúil lena mhuintir féin agus le daoine a chuir ina choinne, amhail na Coirdínigh i dtuaisceart na hIaráice a bhí ag iarraidh tír dá gcuid féin a bhunadh.

Rinne Saddam Hussein ionradh ar an Iaráin in 1980 agus ar Chuáit in 1990.



© TonyBaggett/iStock/Thinkstock

B'Uachtarán Mheiriceá é George W. Bush ó 2001 go dtí 2009. Cé gur gheall sé páirt Mheiriceá i gcúrsaí idirnáisiúnta a theorannú, chuir sé tús leis an 'chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta' i ndiaidh na n-ionsaithe ar Mheiriceá ar 11 Meán Fómhair 2001.



© NASA / Alamy Stock Photo

Ba Phríomh-Aire na Breataine. Tony Blair idir 1997 go dtí 2007. In éineacht le hUachtarán Bush, chuir sé tús le hionradh na hIaráice in 2003 mar chuid den 'chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta'.



© Marina Spironetti / Alamy Stock Photo

## Cérbh iad an Talaban agus Al-Qaeda?

| | Al-Qaeda | Talaban |
|---|---|---|
| **Fréamhacha** | Bhunaigh Osama bin Ladin é san Afganastáin in 1988. | Tháinig seo chun cinn san Afganastáin mar ghrúpa úr polaitíula le linn an chogaidh chathartha, a bhris amach nuair a d'imigh na fórsaí Sóivéadacha in 1989. Nuair a chríochnaigh an Cogadh Sóivéadach-Afganastánach, thréig SAM agus an Eoraip an Afganastáin den chuid is mó, á fágáil faoin Phacastáin le socrú a fháil. Rinne an Phacastáin sin tríd an Talaban a chruthú agus chuidigh sí leo seilbh a ghlacadh ar an tír. |
| **Creidiúintí** | Dlíthe Dochta Moslamacha Sharia. | Dlíthe Dochta Moslamacha Sharia. |
| **Aidhmeanna** | Deireadh a chur le tionchar Mheiriceá i gach tír Moslamach, Iosrael a scriosadh agus rialtais i dtíortha Moslamacha atá ar son an Iarthair a chur as cumhacht. Úsáid a bhaint as sceimhle leis an chailifeacht Ioslamach a thabhairt ar ais. | Síocháin, ord agus slándáil a chur i réim arís san Afganastáin; cumhacht pholaitiúl a bhunú san Afganastáin agus nuair a bheadh cumhacht acu, Dlí Sharia a chur i bhfeidhm go docht. |
| **Gníomhaíochtaí** | An t-ionsaí ar Ionad Trádála Domhanda ar 11 Meán Fómhair in 2001 agus ionsaithe sceimlitheoireachta eile. Ina measc, bhí ionsaí eile roimhe sin ar Ionad Trádála Domhanda in 1993, agus buamáladh Óstáin in Éimin in 1992 agus buamáladh Ambasáidí Meiriceánacha in 1998 i Nairobi sa Chéinia, agus in Dar es Salaam, an chathair is mó sa Tansáin. | Tháinig siad i réim san Afganastáin in 1994, chuir siad Dlí Sharia i bhfeidhm, ach bhí síocháin i réim. |

## Amlíne eachtraí a tharla roimh ionradh na hAfganastáine in 2001

- 1979–89: Bhí an Cogadh Sóivéadach – Afganastánach ann idir Mujahideen agus Cumannaithe le tacaíocht ón Aontas Sóivéadach
- 1980idí: Tugann na Meiriceánaigh airm don Mujahideen le troid in éadan na bhfórsaí Sóivéadach
- 1988: Bhunaigh Osama bin Laden, laoch de chuid Mujahideen, Al-Qaeda
- 1989: Tharraing fórsaí Sóivéadaigh amach as an Afganastáin, agus fágadh an tír gan duine ar bith i gceannas
- 1994: Ghlac an Talaban seilbh ar an Afganastáin agus chuir siad dlí docht Sharia i bhfeidhm
- 2001: Déanann Al-Qaeda ionsaí ar Ionad Trádála Domhanda ar 11 Méan Fómhair
- 2001: Déanann SAM agus a chomhghuaillithe ionradh Afganastáin

## Cad chuige a ndearna Al-Qaeda ionsaí ar Ionad Trádála Domhanda ar 11 Meán Fómhair?

Ar 11 Meán Fómhair 2001 rinne Al-Qaeda ionsaí ar Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhain siad úsáid as eitleáin a fuadaíodh leis na Túir Chúplacha ag an Ionad Trádála Domhanda i Nua-Eabhrac agus an Pentagon, ceanncheathrú Cosanta na Stát Aontaithe i Viriginia, a bhualadh. Ba ruathar é i gcoinne cumhachtaí an Iarthair agus bhí sé mar chuid de Jiohád nó cogadh naofa Al-Qaeda i gcoinne an Iarthair neamh-Mhoslamaigh. Chonacthas go raibh na Túir Chúplacha d’Ionad Trádála Domhanda ina dtargaid fhóirsteanacha mar gheall gur siombailí a bhí iontu de chumhacht eacnamaíoch agus de thionchar SAM. I measc na gcúiseanna gearáin ar leith i gcoinne SAM, bhí an tacaíocht a thug sé d’Iosrael agus chuir sé trúpaí Meirceánacha go dtí an Afganastáin le linn an Chogaidh idir na Sóivéadaigh agus an Afganastáin.

## Cad é a tharla ar 11 Meán Fómhair 2001?

| |
|---|
| D’fhuadaigh Al-Qaeda ceithre eitleán thráchtala |
| Buaileann dhá eitleán Ionad Trádála Domhanda in Nua-Eabhrac |
| Bhuail eitleán amháin an Pentagon (ceannceathrú na Roinne Cosanta); thuairteáil an t-eitleán eile i bpáirc |
| Maraíodh 19 fuadaitheoir agus 2,973 Meiriceánach |

## Caidrimh Idirnáisiúnta ag Athrú – Ionradh ar an Afganastáin

**Cad é mar a d’fhreagair SAM d’ionsaithe 11 Meán Fómhair?**
Ba é freagairt na Meiriceánach ionradh a dhéanamh ar an Afganastáin i nDeireadh Fómhair 2001 mar chuid de ‘Operation Enduring Freedom’. Ba iad na haidhmeanna a bhí leis an chogadh san Afganastáin, an Talaban a chur as cumhacht, Al-Qaeda a chloígh agus rialtas daonlathach a bhunú san Afganastáin agus dóchas ann go gcuideodh sin le deireadh a chur le hantoisceachas Moslamach san Áise lár.

**Cad é mar a d’fhreagair an chuid eile den domhan d’ionsaithe 11 Meán Fómhair?**
Thug comhghuaillithe móra SAM, an RA agus Ceanada tacaíocht don ionradh ar an Afganastáin i ndiaidh ionsaithe 11 Meán Fómhair. D’fhógair na Náisiúin Aontaithe gur eagraíochtaí ‘sceimlitheoireachta’ a bhí sa Talaban agus Al-Qaeda agus chuir siad fórsa coimeádta síochána go dtí an Afganastáin in 2002. Chuaigh ECAT (*NATO*) isteach sa chogadh san Afganastáin in 2003.

Thiomáin SAM agus a chomhghuaillithe an Talaban den chumhacht agus thog siad bunáiteanna míleata in aice le cathracha móra transna na hAfganstáine. Bunaíodh rialtas sealadach faoi *Hamid Karzai*. Rinne na Comhghuaillithe iarracht Osama bin Laden, a bhí i bhfolach sna Sléibhte Tora Bora, a ghabháil nó a mharú ach d’éalaigh sé agus theith sé leis go dtí an Phacastáin. Gabhadh amhrastaigh sceimhlitheoireachta eile agus tugadh cuid mhór acu go dtí Bá Guantanamo. Cáineadh rialtas Mheiriceá faoin dóigh ar chaith siad le priosúnaigh i mBá Guantanamo, lena n-áirítear teicnící an-chonspóideacha ceisteoireachta. Cé gur cloídh an Talaban, bhí cuid mhór tacaíochta san Afgnastain go fóill ar son an Talaban agus Al-Qaeda.

**Príomhthéarmaí**

**Oibríocht *Enduring Freedom*:** Téarma oifigiúil a d’úsáid rialtas na Stát Aontaithe le cur síos ar an chogadh san Afganastáin.

**Bá Guantanamo:** príosún míleata a reáchtálann na Meiriceánaigh ar Chúba. Bunaíodh é i Mí Eanáir 2002 mar áit le hamhrastaigh sceimhlitheoireachta a choinneáil, a cheistiú agus a chúisiú faoi choireanna cogaidh.


© zabelin/iStock/Thinkstock
*Oibríocht Enduring Freedom*

## Cogadh na hIaráice 2003

**Faisnéis Chúlra: Fás Saddam Hussein**
Nuair a bhí sé óg, chuaigh Saddam Hussein isteach sa Pháirtí Ba'ath, páirtí sóisialach a ghabh cumhacht san Iaráic in 1963. Faoi 1979, bhí Saddam Hussein ina cheannaire ar an pháirtí. An bhliain dár gcionn, rinne sé ionradh ar an Iaráin a bhí i seilbh an Ioslamaí radacaigh, Ayatollah Khomeini. Thug SAM agus an RA tacaíocht do ghníomhartha Saddam Hussein cionn is go raibh eagla orthu go leathnófaí réimeas righin Ioslamach san Iaráin ar fud an chuid eile den réigiún. Cé gur tír shaibhir a bhí san Iaráic, le holltaiscí ola ann, ídíodh a chuid achmainní sa chogadh leis an Iaráin. Bhí fiacha troma ar an Iaráic faoi 1990, agus mar sin, shocair Saddam Hussein ar ionradh a dhéanamh ar Chuáit le tuilleadh ola a fháil. Cháin na NA (*UN*) an gníomh seo díreach láithreach agus anois d'ionsaigh iar-chomhghuaillaithe Saddam Hussein é, lena n-áirítear SAM agus an RA (*UK*). Thosaigh comhfhórsa faoi cheannasaíocht SAM ag buamáil na hIaráice i Mí Eanáir 1991. Cuireadh ruaig ar airm na hIaráice as Cuáit i gceithre lá amháin.

**Príomhthéarmaí**

**Na Náisiúin Aontaithe (NA) (*UN*):** Eagraíocht idir-rialtasacha a bhfuil sé d'aidhm aici síocháin a chothabháil ar bhonn idirnáisiúnta.

**Smachtbhannaí:** Cosc trádála a chuireann náisiúin eile ar tír le damáiste a dhéanamh dá geilleagar agus tabhairt ar an tír a comhairle a athrú maidir lena gníomhartha.

**Coirdínigh:** Grúpa eitneach sa Mheánoirthear, a chónaíonn den mhórchuid in oirthear agus in oirdheisceart na Tuirce, in iarthar agus i dtuaisceart na hIaráine agus i dtuaisceart na Siria.

**Airm Ollscriosta**
Ó tharla gur úsáid an Iaráic airm cheimiceacha ar na hIaránaigh agus na Coirdínigh, bhí imní ar thíortha san Iarthar go bhforbródh sí airm ollscriosta (AOS), lena n-áirítear airm bhitheolaíocha agus núicléacha. Mar chuid den chomhaontú le sos cogaidh ag deireadh Chogadh na Murascaille, d'aontaigh an Iaráic le dul faoi chigireacht arm. Rith na NA córas cigireachta le linn na 1990idí a thug ar an Iaráic a cuid AOSanna uilig a thabhairt suas agus iad a scriosadh. Mar sin féin, in ainneoin na smachtbhannaí a bhí orthu, ba mhinic a dhiúltiagh an Iaráic comhoibriú leis na cigirí.

**Cad chuige a ndearna SAM agus a gcomhghuaillithe ionradh ar an Iaráic in 2003?**
Chreid SAM agus an RA tuairiscí faisnéise agus tuairiscí ó na NA a thug le fios go raibh stoc-charn mór AOS i bhfolach ag Saddam Hussein agus bhí siad buartha go raibh sé ag táirgeadh tuilleadh acu go rúnda. Bhí buarthaí eile ann fosta. Chreid cuid mhór daoine go raibh baill Al-Qaeda san Iaráic agus go raibh baint ag Saddam Hussein leis na hionsaithe 11 Meán Fómhair ar Ionad Trádála Domhanda. Shíl daoine áirithe go gcaithfear cumhacht a bhaint de Saddam Hussein mar gheall ar an drochíde a thug an Iaráic dá muintir féin san am a chuaigh thart.

Thug rialtas Bill Clinton an *Iraq Liberation Act* isteach in 1998 a gheall réimas na hIaráice a athrú trí thacaíocht a thabhairt do chéilí comhraic ar bith de chuid Saddam Hussein, ach níor éirigh leis an pholasaí seo. Agus é ag déanamh óráide i Mí Eanáir 2002, thug Uachtarán George W Bush 'ais an oilc' ar an Iaráin, an Iaráic agus an Chóiré Thuaidh. I Mí Dheireadh Fómhair ina dhiaidh sin vótáil Comhdháil na SA ar son ionradh a dhéanamh ar an Iaráic mar a rinne Feisirí na Breataine i dTeach na dTeachtaí i Márta 2003. Mar sin de, in 2003 rinne Stáit Aontaithe Mheiriceá in éineacht lena gcomhghuaillithe, mar a bhí, an RA, an Astráil agus an Pholainn, ionradh ar an Iaráic mar chuid den 'chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta'. Ach, níor thacaigh na Náisiún Aotaithe-a dhéanann ionadaíocht do chuid mhór tíortha-leis an chogadh.

## Na heactraí a tharla roimh an ionradh ar an Iaráic

**Príomhthéarmaí**

**Airm Ollscriosta (AOS):** Airm núicléacha, cheimiceacha agus bhitheolaíocha a chumadh le cuid mhór daoine a mharú.

**Dúnghaois Bush:** Ba é seo an polasaí ag SAM a dúirt go raibh an ceart acu iad féin a choinneáil slán ó tíortha a chosain nó a thug cabhbair do ghrúpaí ar sceimhlitheoirí iad i mbarúil SAM.

**'Suaitheadh agus Scanradh':** Oirbheartaíocht mhíleata a úsáideann fórsa ollmhór agus lón cogaidh le heagla a chur ar namhaid agus a ghoile don troid a mhilleadh.

Tosaíonn an Chéad Chogadh Murascaille i ndiaidh ionradh na hIaráice ar an Chuáit in 1990 → Geallann Saddam Hussein iomlán a chuid arm ollscriosta (AOSanna) a scríosadh mar chuid den tsocrú síochána in 1991 → Tugann Saddam Hussein neamhaird ar rún ó na NA a thugann air stad a chur leis an chos ar bolg ar a mhuintir féin → Diúltaíonn Saddam Hussein do chigireacht arm → Tugann Bush a óráid ar 'ais an oilc' in 2002. Fógraítear Dúnghaois Bush i mí Meitheamh agus vótálann an Chomhdháil le hionradh a dhéanamh ar an Iaráic i mí Dheireadh Fómhair → Faigheann SAM comhghuaillaithe lena n-áirítear Tony Blair agus rialtas na Breataine → Déantar ionradh ar an Iaráic in 2003

**Cad chuige a raibh an oiread sin daoine i gcoinne Chogadh na hIaráice?**
Cé gur vótáil polaiteoirí sa RA agus i SAM agus i dtíortha eile le hionradh a dhéanamh ar an Iaráic, bhí cuid mhór daoine ar fud an domhain i gcoinne an chogaidh. Bhí cuid mhór tíortha Moslamacha sa Mheánoirthear go háirithe a labhair amach i gcoinne gníomhaíochtaí SAM agus a gcomghuaillithe. Mhaígh siad gur Tadhg an dá thaobh a bhí i bpolasaí Stáit Aontaithe Mheiriceá sa Mheánoirthear. Nó fad a bhí siad ag déanamh ionraí ar an Iaráic cionn is go raibh AOSanna inti dar leo agus go raibh an Iaráic ag diúltiú d'obair leis na NA, bhí siad ag tabhairt neamhaird ar an Iosrael, áit a raibh AOSanna ann i bhfírinne agus a sháraigh rúin de chuid na NA fosta.

Bhí cuid mhór daoine san Iarthar i gcoinne an chogaidh fosta. I mí Feabhra 2003, shiúil 750,000 agóideoir i mórshiúl frithchogaidh i Londain, fad a bhí mórshiúlta ag dul ar aghaidh i mbeagnach 60 tír eile.

## Eachtraí i gCogadh na hIaráice

- **Mí an Mhárta 2003** – Cuireadh tús le hionsaithe i gcoinne na hIaráice nuair a lainseáil forsaí Mheiriceá agus na gcomhghuaillithe aerionsaithe ollmhóra mar chuid den oibríocht 'Suaitheadh agus Scanradh'.
- **Mí Aibreáin 2003** – Téann fórsaí Meiriceánacha isteach i mBagdad, phríomhchathair na h-Iaráice. Cheiliúir cuid mhór Iarácach sna sráideanna fad a bhí dealbha de Saddan Hussein á dtarraing anuas agus á dtarraingt trid na sráideanna.
- **Mí na Nollag 2003** – Thangthas ar Saddam Hussein i bhfolach i bpoll ar réadmhaoin de theach beag feirme. Cuisíodh é ina dhiaidh maidir le coireanna i gcoinne muintir na hIaráice agus cuireadh chun báis é.




© Ingram Publishing/Thinkstock

Roinnt fáthanna a raibh daoine i gcoinne Chogadh na hIaráice in 2003

## Cad é an tionchar gearrthéarmach a bhí ag an Chogadh san Iaráic in 2003 ar chaidrimh idirnáisiúnta?

- Rinne cuid mhór Iarácach ceiliúradh gur cuireadh deireadh le réimeas brúidiúil Saddam Hussein.
- Le tacaíocht óna comhghuaillithe bunaíodh rialtas sealadach le hionadaithe ó chodanna difriúla de shochaí na hIaráice leis an tír a rialú agus lena chuidiú le daonlathas a bhunú.
- Dhiúltaigh grúpaí éagsúla daoine an rialtas sealadach nua a aithint. Ina áit sin, bhunaigh siad grúpaí reibiliúnacha dá gcuid féin agus d’ionsaigh siad fórsaí rialtas na hIaráice. Bhí cuid mhór radacach creidimh den Ioslam sna grúpaí seo ar a dtugtar na ceannaircigh.

## Cad é an tionchar fadtéarmach a bhí ag an Chogadh san Iaráic in 2003 ar chaidrimh idirnáisiúnta?

Bhí roinnt tionchar fadtéarmach ag an chogadh san Iaráic ar chaidrimh idirnáisiúnta:

- Chuaigh an caidreamh idir SAM agus cuid mhór tíortha san Eoraip chun donais, nó cuireadh an locht ar Mheiriceá as cogadh gan cúis a thosú.
- Rinne SAM agus an RA ionradh ar an Iaráic le fáil réitithe d'Airm Ollscriosta na hIaráice, airm mar a tharla sé, nach raibh ann.
- Cruthaigh Cogadh na hIaráice atmaisféar mhímhuiníne idir na baill bhuana den Chomhairle Slándála de chuid na NA. Mhaígh an Fhrainc agus an Rúis go gcuirfeadh aon oibríocht mhíleata ar bith gan faomhadh ón Chomhairle Slándála, go gcuirfeadh sí slándáil an domhain agus caidrimh idirnáisiunta go mór i mbaol. Bhí an Ghearmáin i gcoinne an chogaidh fosta.
- Bhris cogadh cathartha amach san Iaráic, agus an tír ina cíor thuathail, bhí méadú mór ar líon na ngrúpaí míleatacha lena n-áirítear Al-Qaeda; sa deireadh tháinig siad le chéile mar an Stát Ioslamach (SI) agus ansin chuir siad codanna den Iaráic faoina smacht.
- Bhí SAM agus an Eoraip araon mar thargaid ag grúpaí Ioslamacha, amhail SI.
- Éágsúil le grúpaí jiohád roimhe sin, chloígh SI cathracha agus bhunaigh siad cailifeacht in áiteanna san Iaráic agus sa tSiria. Tá caismirt nua idé-eolaíchta i ndiaidh teacht chun cinn idir idé-eolaíocht an daonlathais liobrálaigh agus idé-eolaíocht an Ioslamachas radacaigh.

© CCEA 2019